Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Bunscoile Sóisearacha

An Ghaoth

Céard is gaoth ann?

Is ionann gaoth agus gluaiseacht aeir ó áit amháin go háit eile. In Éirinn, is ón iardheisceart a thagann an ghaoth de ghnáth.

An féidir an ghaoth a fheiceáil?

Ní féidir. Ní féidir an ghaoth a fheiceáil ach is féidir an éifeacht atá aici ar rudaí inár dtimpeall a bhrath.

Mar shampla:

Séideann an ghaoth duilleoga ón talamh.

Nuair a bhíonn sé an-ghaofar, téann scáthanna báistí bunoscionn.

Tá an-chuid slite eile ar féidir an ghaoth a fheiceáil ag séideadh. An féidir leatsa smaoineamh ar aon samplaí?

An féidir linn an ghaoth a choisteáil?

Is féidir linn an ghaoth a chloisteáil, go háirithe nuair a bhíonn sé an-láidir. Déanann sé fuaim feadaíola ghártha.

An mbraithimid an ghaoth?



Ar lá gaofar is féidir cumhacht na gaoithe a bhrath.

Ag uaireanta eile bíonn an ghaoth an-lag agus ní féidir í a bhrath.

Nuair a bhíonn tú ar an trá braitheann tú leoithne farraige.

Ar lá an-te cabhraíonn an ghaoth tú a fhuarú.